Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

14637/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0387(NLE)**

ECOFIN 1087
FIN 1092
UEM 338

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Liotuáine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Liotuáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Liotuáin an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 14 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, bhíothas leis an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 30 Meitheamh 2023, chuir an Liotuáin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar na forais nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach go páirteach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Liotuáin isteach, baineann siad le 46 bheart agus fobheart.

---

[1] Féach doiciméid ST 10477/21 INIT agus ST 10477/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(5) An 14 Iúil 2023, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Liotuáine i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle don Liotuáin, *inter alia*, gníomhaíocht a dhéanamh chun bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála a fhoirceannadh, spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta a neartú agus tithíocht shóisialta a fheabhsú, agus leanúint leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus na cláir beartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t- achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/241

(7) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Liotuáin isteach iarraidh ar thacaíocht iasachta chun tacú le sé bheart.

(8) I gcomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine), mhol an Liotuáin athchóiriú a chur leis arb é is aidhm dó leas a bhaint as maoiniú poiblí agus príobháideach chun cuspóirí um maolú ar an athrú aeráide agus um oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach agus chun tarraingteacht na Liotuáine d'infheisteoirí i dtáirgí airgeadais glasa a mhéadú. Meastar go mbainfear é sin amach trí Phlean Gníomhaíochta um Airgeadas Glas na Liotuáine 2023 go 2026. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an Lárionad Airgeadais agus Eolais Ghlais, ar gníomhaíocht cur chun feidhme de chuid Phlean Gníomhaíochta um Airgeadas Glas 2023 go 2026 é, cur le héiceachóras lipéadaithe inbhuanaithe a fhorbairt sa Liotuáin ar bhonn cleachtais idirnáisiúnta, scaipeadh faisnéise ábhartha a bhaineann le hinbhuanaitheacht a áirithiú, comhar idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus an saol acadúil a chomhordú agus an Liotuáin a chur chun cinn i réimse an airgeadais inbhuanaithe.

(9) I gcomhpháirt 5 (Ardoideachas, Creat Comhleanúnach chun Taighde agus Nuálaíocht agus Gnó Ardluacha a Spreagadh), mhol an Liotuáin infheistíocht a chur leis lena ndéantar foráil i leith ionstraim airgeadais a bhunú arb é is aidhm di iasachtaí sindeacáite agus fo-ordaithe nó iasachtaí díreacha a sholáthar, i measc nithe dreamanna eile, d'fhiontair chun teicneolaíochtaí tionsclaíocha glasa agus forbairt thionsclaíoch ard-bhreisluacha a fhorbairt. Dírítear an infheistíocht ábhartha ar ghnólachtaí agus is é is aidhm di tacú le comhtháthú sóisialta agus críochach chomh maith le fás cliste, inbhuanaithe agus uileghabhálach.

(10) I gcomhpháirt 6 (Earnáil Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim), mhol an Liotuáin athchóiriú a chur leis chun feabhas a chur ar sholáthar poiblí láraithe tríd an Eagraíocht Lárnach Ceannaigh, agus infheistíocht nua i bhfoirm instealladh caipitil de EUR 150 milliún chuig INVEGA (Institiúid Náisiúnta um Spreagadh na Liotuáine), a mheastar a fheabhsóidh an rochtain ar mhaoiniú sa Liotuáin.

(11) I gcomhpháirt 7 (Tuilleadh Deiseanna do Chách chun Folláine Náisiúnta a Thógáil go Gníomhach), mhol an Liotuáin athchóiriú a chur leis arb é is aidhm dó ilroinnt maidir le pleanáil agus soláthar seirbhísí sóisialta, fostaíochta agus seirbhísí gaolmhara eile a laghdú chomh maith le feabhas a chur ar inniúlachtaí na n-oibrithe sóisialta

(12) I gcomhpháirt 8 (REPowerEU), mhol an Liotuáin infheistíocht a chur leis arb é atá inti cur chun feidhme ionstraime airgeadais chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Cuimsítear san infheistíocht infheistíocht phoiblí i gCiste chun tacaíocht iasachta a sholáthar d'eintitis phríobháideacha, agus d'eintitis earnála poiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla, chun acmhainneacht táirgeachta leictreachais gréine agus gaoithe ar tír a rolladh amach.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

(13) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Liotuáin isteach nuashonraítear dhá fhobheart chun an ranníocaíocht uasta airgeadais a laghdaíodh ó EUR 2 224 195 119[1] go EUR 2 099 135 822 a chur san áireamh[1]. I gcomhréir le hAirteagal 21c(2) de Rialachán (AE) 2021/241, na Ballstáit atá faoi réir laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais, féadfaidh siad bearta a áireamh i gcaibidlí REPowerEU dá dtagraítear sna cinntí cur chun feidhme ón gComhairle a glacadh cheana gan iad a mhéadú, suas le méid na gcostas measta atá comhionann leis an laghdú sin.

---

1 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Liotuáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

(14) Ar an mbonn sin, tá dhá sprioc ó fhobheart amháin agus sprioc amháin d'fhobheart eile faoi chomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine) modhnaithe ag an Liotuáin. Go sonrach, baineann an modhnú sin le sprioc 23 agus sprioc 24 maidir le hacmhainneacht nua giniúna leictreachais a chruthú ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (RES) (Tacaíocht chun gléasraí RES ar tír a thógáil (grianchumhacht agus cumhacht gaoithe) agus saoráidí stórála aonair) mar chuid d'infheistíocht B.1.1.2 agus sprioc 49 maidir le réimse na bhfoirgneamh taispeána a ndearnadh athchóiriú orthu d'fhonn ídiú fuinnimh a laghdú (Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a nuashonrú agus a thástáil i gcleachtas agus modheolaíocht chun cathracha inbhuanaithe a fhorbairt a chruthú) mar chuid d'infheistíocht B.1.3.1. Ba cheart spriocanna 23 agus 24 a bhaint d'fhobheart B.1.1.2. agus a thabhairt isteach i bhfobheart H.1.3.2 (REPowerEU). Chomh maith leis sin, ba cheart sprioc 49 a bhaint d'fhobheart B.1.3.1. agus a thabhairt isteach i bhfobheart H.1.1.1 (REPowerEU). Ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(15) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Liotuáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 44 bheart agus fobheart.

(16) Mhínigh an Liotuáin nach féidir cúig bheart agus fhobheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar an mboilsciú ard. Bhí boilsciú praghsanna agus pá sa Liotuáin ard i gcónaí idir deireadh 2021 agus deireadh 2022, rud a raibh costais mhéadaithe mar thoradh air, mar shampla tógáil agus trealamh, rud a fuair i gcion ar amlínte agus ar leibhéal uaillmhéine na dtionscadal faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Baineann sé sin le sprioc 20 d'fhobheart A.1.3.3 (Nuachóiriú na ranna éigeandála agus na n-aonad athshlánaithe in ospidéil réigiúnacha) faoi Chomhpháirt 1 (Córas Sláinte Athléimneach a Sheasfaidh an Aimsir), spriocanna 53 agus 54 d'fhobheart B.1.3.4 (Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla foirgneamh i gcomhréir le caighdeáin athchóirithe foirgneamh atá cothrom le dáta), spriocanna 55 agus 56 de bheart B.1.4 (Acmhainn ionsúcháin GCT a mhéadú) faoi Chomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine), sprioc 98 d'fhobheart D.1.1.4 (Inniúlachtaí na foirne oideolaíocha a neartú) faoi Chomhpháirt 4 (Oideachas Cáilíochta agus Inrochtana don tSaolré Iomlán) agus sprioc 189 d'fhobheart G.1.2.2 (Raon feidhme agus éagsúlacht beart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rud a chuirfidh le spriocanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus leis an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn) faoi Chomhpháirt 7 (Tuilleadh Deiseanna do Chách chun an Fholláine Náisiúnta a Fhorbairt go Gníomhach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go ndéanfaí amlíne chur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(17) Mhínigh an Liotuáin nach féidir trí bheart agus fhobheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar shuaitheadh an tslabhra soláthair. D'imir an suaitheadh slabhra soláthair agus na deacrachtaí comhfhreagracha maidir le comhpháirteanna a fháil chun tionscadail a chur chun feidhme tionchar láidir ar tháirgeadh agus ar oibriú bithbhreoslaí agus hidrigine glaise, ar rolladh amach líonraí fíor-ardacmhainneachta agus ar fhorbairt réiteach nuálach san iompar. Baineann sé sin le sprioc 46 agus sprioc 47 d'fhobheart B.1.2.4 (Tacaíocht chun earnáil breoslaí RES a fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin don iompar, agus hidrigin ghlas) faoi Chomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine), spriocanna 86, 87 agus 88 d'fhobheart C.1.5.2 (Líonraí fíor-ardacmhainneachta a fhorbairt tuilleadh) agus sprioc 90 d'fhobheart C.1.5.3 (Nuálaíocht sa tsoghluaisteacht) faoi Chomhpháirt 3 (Aistriú Digiteach don Fhás). Na leasuithe atá beartaithe ar fhobheart C.1.5.2 (Tuilleadh forbartha ar líonraí fíor-ardacmhainneachta), is bealach níos fearr iad freisin chun an tionscadal a chur chun feidhme. Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go ndéanfaí amlíne na gcloch míle agus na spriocanna sin a leasú agus go ndéanfaí na hathruithe sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(18) Mhínigh an Liotuáin nach féidir trí bheart agus fhobheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh laistigh den tréimhse ama tosaigh mar gheall ar an ngá gan choinne d'fhorbróirí athbhreithniú a dhéanamh ar a bplean tosaigh chun cáilíocht agus sábháilteacht an tionscadail a chosaint. Baineann sé sin le cloch míle 7 d'fhobheart A.1.1.7 (Lárionad Ardteiripí a Chruthú), cloch míle 10 d'fhobheart A.1.1.9 (Ardán Inniúlachta do Ghairmithe Sláinte a Bhunú) agus sprioc 11 d'fhobheart A.1.1.10 (Samhail um measúnú cáilíochta cúraim sláinte a fhorbairt faoi Chomhpháirt 1 (Córas Sláinte Athléimneach a Sheasfaidh an Aimsir). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme na gcloch míle agus na sprice sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(19) Mhínigh an Liotuáin nach féidir trí bheart agus fhobheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar éileamh athraithe an mhargaidh. Mar shampla, an spéis a bhí ag bardais i bpáirt a ghlacadh i dtionscadail amhail bonneagar sonrach gan airgead tirim le haghaidh íocaíochtaí i scoileanna, an t-éileamh ar chúrsaí teanga do mhic léinn eachtrannach nó líon na n-ollscoileanna a bhí rannpháirteach i líonraí idirnáisiúnta, bhí siad ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Baineann sé sin le spriocanna 124 agus 125 d'fhobheart E.1.1.3 (Iomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a neartú), sprioc 130 d'fhobheart E.1.2.2 (Méadú a dhéanamh ar an éileamh ar nuálaíocht sa Liotuáin trí leas a bhaint as acmhainneacht an tsoláthair phoiblí) faoi Chomhpháirt 5 (Ardoideachas, Creat Comhleanúnach chun Taighde agus Nuálaíocht agus Gnó Ardluacha a Spreagadh), agus spriocanna 159 agus 160 d'fhobheart F.1.4.4 (Cáiníocóirí amach anseo a bheith liteartha ó thaobh airgeadais de) faoi Chomhpháirt 6 (Earnáil Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go ndéanfaí amlíne chur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(20) Mhínigh an Liotuáin nach féidir sé bheart agus fhobheart a bhaint amach (go hiomlán) a thuilleadh laistigh den tréimhse ama tosaigh, mar gheall ar mhoilleanna ar an bpróiseas soláthair nach bhfuil neart ag na húdaráis náisiúnta uirthi. Bíonn moilleanna mar sin mar thoradh, mar shampla, ar bhacainní gan choinne maidir leis na hábhair riachtanacha a sholáthar, ar mhéaduithe gan choinne ar phraghsanna fuinnimh mar aon le heaspa táirgeachta fuinnimh in-athnuaite áitiúil, nó ar easpa rannpháirtíochta sa mhargadh lena dtugtar údar maith leis an ngá le raon feidhme an nós imeachta soláthair phoiblí a leasú. Baineann sé sin le sprioc 19 d'fhobheart A.1.3.2 (Lárionaid saineolais i mbraisle na ngalar tógálach a Nuachóiriú) faoi Chomhpháirt 1 (Córas Sláinte Athléimneach a Sheasfaidh an Aimsir), sprioc 22 d'fhobheart B.1.1.1 (Obair ullmhúcháin chun stáisiúin cumhachta gaoithe amach ón gcósta agus bonneagar gaolmhar a fhorbairt), cloch míle 30 de bheart B.1.2 (Ag bogadh gan an comhshaol a thruailliú), sprioc 52 d'fhobheart B.1.3.3 (Soláthar táirgí agus seirbhísí tógála lena gcuirtear dlús le hathchóiriú foirgneamh a chur chun cinn) faoi Chomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine), cloch míle 138 d'fhobheart F.1.1.1 (Córas bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí a nuachóiriú) faoi Chomhpháirt 6 (Earnáil Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim) agus sprioc 187 d'fhobheart G.1.2.1 (Próisis oibriúcháin na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú agus a fheabhsú, rud a áireoidh treoshuíomh córasach custaiméirí) faoi Chomhpháirt 7 (Tuilleadh Deiseanna do Chách chun an Fholláine Náisiúnta a Fhorbairt go Gníomhach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go ndéanfaí na clocha míle agus na spriocanna sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(21) Mhínigh an Liotuáin, maidir le 24 bheart agus fhobheart, gur bealach níos fearr iad na hathbhreithnithe atá beartaithe chun an tionscadal a chur chun feidhme. Fuarthas bealaí níos éifeachtúla chun na bearta céanna a chur chun feidhme, agus mar thoradh air sin laghdaíodh costais, cuireadh spriocdhátaí chun tosaigh nó méadaíodh raon feidhme agus uaillmhian na mbeart. Baineann sé sin le cloch míle 1 d'fhobheart A.1.1.1 (Creat reachtach lena rialaítear eagrú, bainistiú agus soláthar seirbhísí otharchairr), an tuairisc ar fhobheart A.1.1.11 (Digitiú na hearnála cúraim sláinte) faoi Chomhpháirt 1 (Córas Sláinte Athléimneach agus a Sheasfaidh an Aimsir), spriocanna 31, 32 agus 33 d'fhobheart B.1.2.1. Tacaíocht d'fheithiclí glasa a cheannach ag an earnáil phoiblí agus ag gnólacht), sprioc 36 d'fhobheart B.1.2.2 (Tacaíocht d'fheithiclí iompair phoiblí glan-nialasacha a cheannach), sprioc 41 d'fhobheart B.1.2.3 (Bonneagar luchtaithe feithiclí/líonta breosla mhalartaigh a shuiteáil) agus sprioc 51 d'fhobheart B.1.3.2 (Uirlisí chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú) faoi Chomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine), clocha míle 59 agus 60, spriocanna 61, 62 agus 63 d'fhobheart C.1.1 (Aistriú rialachas na teicneolaíochta faisnéise poiblí), sprioc 67 d'fhobheart C.1.2 (Éifeachtacht bainistíochta sonraí agus sonraí oscailte a áirithiú), tuairisc ar fhobheart C.1.3 (Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí), cloch míle 74 agus sprioc 75 d'fhobheart C.1.4.1 (Acmhainní teicneolaíochta teanga na Liotuáine a fhorbairt), cloch míle 76 agus sprioc 77 d'fhobheart C.1.4.2 (Digitiú agus inrochtaineacht acmhainní cultúrtha), agus sprioc 82 d'fhobheart C.1.4.5 **(**Lárionad Barr Feabhais TFC**)** faoi Chomhpháirt 3 (Aistriú Digiteach le haghaidh Fáis), an tuairisc ar bheart D.1.1 (Oideachas Ginearálta Nua-aimseartha – Cúlra na nInniúlachtaí Iomaíocha), cloch míle 99 d'fhobheart D.1.1.4 (Inniúlachtaí na mball foirne oideolaíoch a neartú), cloch míle 115 d'fhobheart D.1.4.2 (Measúnú inniúlachtaí) faoi Chomhpháirt 4 (Oideachas Cáilíochta agus Inrochtana don tSaolré Iomlán),

sprioc 131 d'fhobheart E.1.2.3. (Forbairt an éiceachórais nuathionscanta a chothú) faoi Chomhchuid 5 (Ardoideachas, Creat Comhtháite chun Taighde agus Nuálaíocht a Mhúnlú agus Gnólachtaí Breisluacha), an tuairisc ar bheart F.1.1. (Earnáil Phoiblí Éifeachtúil), cloch míle 139 d'fhobheart F.1.1.2 (Córas oiliúna láraithe a bhunú chun inniúlachtaí san earnáil phoiblí a fhorbairt), cloch míle 140 agus sprioc 141 d'fhobheart F.1.1.3 (Creat a bhunú chun inniúlachtaí straitéiseacha san earnáil phoiblí a fhorbairt), clocha míle 148 agus 149 d'fhobheart F.1.3.1 (Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach), cloch míle 150 d'fhobheart F.1.3.2 (Athbhreithnithe caiteachais), cloch míle 154 d'fhobheart F.1.3.5 (Comhdhlúthú na n-institiúidí forbartha náisiúnta) faoi Chomhpháirt 6 (Earnáil Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim), cloch míle 164 de bheart F.1.5 (Uirlisí atá ar fáil do ghnólachtaí chun riosca dócmhainneachta a bhainistiú) faoi Chomhpháirt 6 (Earnáil Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim) agus cloch míle 184 d'fhobheart G.1.1.2 (Bearta breise chun leorgacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú) faoi Chomhpháirt 7 (Tuilleadh Deiseanna do Chách chun an Fholláine Náisiúnta a Fhorbairt go Gníomhach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go ndéanfaí na clocha míle agus na spriocanna sin a leasú agus go ndéanfaí na hathruithe sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(22) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Liotuáin, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(23) Sainaithníodh earráidí cléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, lena ndéantar difear do naoi gcloch míle agus sprioc agus do 17 bheart agus fhobheart. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Liotuáin.

Baineann na hearráidí cléireachais sin le cloch míle 2 d'fhobheart A.1.1.2 (Córas sláinte digiteach a fhorbairt lena n-éascófar úsáid thánaisteach sonraí sláinte), cloch míle 4 d'fhobheart A.1.4. (Bunsamhail seachadta seirbhíse sláinte poiblí a chur ar bun), sprioc 8 agus sprioc 9 d'fhobheart A.1.1.8 (Bailiúchán ionadaíoch sonraí géanóim tagartha a chruthú laistigh den tionscadal sláinte 'Genome Europe'), beart A.1.2 (Seirbhísí fadtéarmacha a sholáthar) agus cloch míle 15 d'fhobheart A.1.2.1 (Glacadh leis an tsamhail cúraim fhadtéarmaigh) faoi Chomhpháirt 1 (Córas Sláinte Athléimneach a Sheasfaidh an Aimsir), fobheart C.1.4.3 (Ábhar agus acmhainní oideachais dhigitigh a tháirgeadh), fobheart C.1.4.4 (Ionstraimí airgeadais le haghaidh cruthú gnó agus nuálaíocht dhigiteach), fobheart C.1.5.1 (treochlár 5G), fobheart D.1.1.3. (Clár 'Millennium School'), fobheart D.1.1.7 (Oideachas agus cúram luath-óige a fheabhsú), beart D.1.4. (Inniúlachtaí don Aistriú Glas agus Digiteach a Fhaightear sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint), fobheart D.1.4.1. (Ardán Náisiúnta chun Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a chur chun cinn) agus fobheart D.1.4.4. (Clár soghluaisteachta) faoi Chomhpháirt 4 (Oideachas Cáilíochta agus Inrochtana don tSaolré Iomlán), sprioc 123 d'fhobheart E.1.1.2 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an líonra ardoideachais trí mhisin na n-ollscoileanna agus na gcoláistí a bheachtú) faoi Chomhpháirt 5 (Ardoideachas, Creat Comhleanúnach chun Taighde agus Nuálaíocht agus Gnó Ardluacha a Spreagadh), cloch míle 153 d'fhobheart F.1.3.4 (comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn), cloch míle 175 d'fhobheart F.1.7.1. (Réiteach a chruthú chun ríomh-admhálacha a éascú) faoi Chomhpháirt 6 (Earnáil Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim) agus cloch míle 180 d'fhobheart G.1.1.1 (Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht) faoi Chomhpháirt 7 (Tuilleadh Deiseanna do Chách chun an Fholláine Náisiúnta a Fhorbairt go Gníomhach). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

(24) I gcaibidil REPowerEU áirítear athchóiriú amháin agus trí infheistíocht.

(25) Is é is aidhm don athchóiriú (H.1.3.) feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí foinsí fuinnimh in-athnuaite. Is é is aidhm don athchóiriú, go háirithe, próisis cheadaithe agus próisis riaracháin eile a chuíchóiriú agus a bhrostú, lena n-áirítear trí líon na gceadanna riachtanacha a laghdú, an tréimhse ama lena bhfáil a laghdú agus gléasraí cumhachta hibrideacha a rialáil (H.1.3.1.). Ina theannta sin, meastar go gcuirfidh an t-athchóiriú le giniúint iomlán leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach sa Liotuáin trí anailís a dhéanamh ar chásanna éagsúla samhaltaithe agus trí shamhail aistrithe um earnáil leictreachais na Liotuáine a fhorbairt. Ina theannta sin, is é is aidhm don athchóiriú tacaíocht a sholáthar d'eintitis dhlíthiúla, d'fheirmeoirí, do phobail fuinnimh in-athnuaite nó do phobail fuinnimh saoránach, chun gléasraí grianchumhachta agus gléasraí cumhachta gaoithe ar talamh a cheannach agus a shuiteáil, agus tús áite á thabhairt do riachtanais féinídithe, feirmeoireachta nó eacnamaíocha (H.1.3.2.). Cuireann an t-athchóiriú le cuspóirí REPowerEU ar bhealach éifeachtach a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (b) agus (e), de Rialachán (AE) 2021/241 trí thograí maidir le gníomhaíochtaí riachtanacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais in-athnuaite na Liotuáine a fhorbairt tuilleadh, trí thograí chun coibhéis 100% den ídiú náisiúnta leictreachais iomlán a ghintear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, agus trí thacaíocht a sholáthar chun acmhainneacht bhreise giniúna fuinnimh in-athnuaite a chruthú.

(26) Le caibidil REPowerEU, méadaítear an maoiniú chun foirgnimh il-árasán a athchóiriú, rud a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus a laghdaíonn costais téimh do chónaitheoirí. Ar an mbealach sin, cuireann sé go mór leis an mbochtaineacht fuinnimh a bhaineann le grúpaí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch go minic a laghdú.

(27) Áirítear ar na hinfheistíochtaí nua faoi Chaibidil REPowerEU: (a) tacaíocht chun dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh (H.1.1), (b) tacaíocht chun feithiclí uisce intíre glana a cheannach (H.1.2.), (c) tacaíocht iasachta chun an acmhainn ghiniúna ó RES (H.3.1.) a mhéadú. Tá dhá ghné sa chéad infheistíocht (H.1.1.): (a) pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil i gcleachtas (H.1.1.1.); agus (b) tacaíocht chun foirgnimh il-árasán a athchóiriú chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú (go haicme A)(H.1.1.2.). Cuimsítear sa chéad ghné (H.1.1.1) tionscadail taispeána athchóirithe ghlais, lena n-úsáidtear córais nua tionsclaithe inslithe teaschóimeáilte ó amhábhair orgánacha, chomh maith le teicneolaíochtaí samhaltaithe faisnéise a fhorbairt lena gcomhcheanglaítear na próisis tógála go léir. Faoin dara gné (H.1.1.2.), soláthraítear tacaíocht i bhfoirm cúitimh atá teoranta do 30% ar a laghad ar an meán de chaiteachas na n-oibreacha, cúiteamh iasachtaí a bhfuil ráta úis os cionn 3% leo, agus cúiteamh 100% den chaiteachas a thabhaítear ar chúnamh teicniúil, lena n-áirítear costais ullmhúcháin, riaracháin agus chothabhála na dtionscadal. Tacaíonn an dara hinfheistíocht (H.1.2.) le trealamh atá riachtanach le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha ar uiscebhealaí intíre a cheannach agus a sheachadadh. Cuimsítear sa tríú hinfheistíocht (H.3.1.) tacaíocht iasachta d’eintitis ghnó (lena n-áirítear eintitis phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí cosúil le gníomhaíochtaí na n-eintiteas príobháideacha) chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail lena dtacaítear le hacmhainneacht bhreise giniúna foinsí fuinnimh in-athnuaite a chruthú (grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe).

(28) Meastar go gcuirfidh na hinfheistíochtaí thuasluaite le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c(3), pointí (b), (c) agus (e), de Rialachán (AE) 2021/241, trí thacaíocht a sholáthar i gcomhair réitigh iompair astaíochtaí nialasacha agus trí thacaíocht iasachta a sholáthar chun acmhainneacht bhreise giniúna foinsí fuinnimh in-athnuaite a chruthú.

(29) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, léirítear go mór (rátáil A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU, freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(31) Measann an Coimisiún go mbeidh tionchar dearfach ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an gcéad cholún maidir leis an aistriú glas, toisc go gcuireann caibidil REPowerEU beagnach 100 % leis na cuspóirí glasa. Maidir leis na colúin eile, níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar an bplean arbh é a bhí i gceist leis den chuid is mó freagairt chuimsitheach agus chuí-chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, nó ar a rannchuidiú iomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241. Maidir leis an gcolún don aistriú glas, le plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Liotuáine, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, tugtar aghaidh tuilleadh ar na dúshláin ghlasa, go háirithe faoi Chomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine) agus faoi Chomhpháirt 8 a cuireadh leis le déanaí (caibidil REPowerEU). Faoi Chomhpháirt 2, méadaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe uaillmhian roinnt infheistíochtaí atá ann cheana, is é sin sa réimse iompair. Áirítear leis an gcomhpháirt freisin athchóiriú nua ar mhaoiniú glas a chur chun cinn trí Phlean Gníomhaíochta um Airgeadas Glas. Áirítear leis an athchóiriú freisin Lárionad Eolais agus Inniúlachta Airgeadais Ghlais a chruthú. Faoi Chomhpháirt 8, le bearta maidir le nósanna imeachta ceadaithe, úsáid fuinnimh in-athnuaite, athchóirithe ar fhoirgnimh il-árasán agus treoirthionscadail ghlasa chun athchóirithe a dhéanamh ar fhoirgnimh, chomh maith le hiompar uiscebhealaí intíre glana, cuirtear le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(32) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n- áirítear caibidil REPowerEU, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Liotuáin, lena n- áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(33) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sular cuireadh isteach é. De réir mar a mhéadaigh méid an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta i ndiaidh iarraidh bhreise ar iasacht, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(34) I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha uile tráth a cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, suíonn an Coimisiún gur cuireadh an moladh maidir le gníomhaireachtaí cur chun feidhme taighde agus nuálaíochta a chomhdhlúthú (2019 moladh 3.8) chun feidhme ina iomláine. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis na moltaí maidir le tionchar na géarchéime ar an bhfostaíocht a mhaolú (2020 moladh 2.1), maidir le hinfheistíocht a fheabhsú chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis (2021 moladh 1.3), maidir le hinfheistíocht phoiblí don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus don tslándáil fuinnimh a mhéadú (2022 moladh 1.2) agus maidir le hacmhainneacht leordhóthanach idirnasc fuinnimh a áirithiú (2022 moladh 4.5).

(35) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Liotuáin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Cé go moltar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe roinnt athruithe a dhéanamh ar shubstaint na mbeart reatha, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh roimhe seo ar chumhdach fothacar suntasach de na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha in 2019 agus 2020.

(36) Leis na príomhbhearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear i gcaibidil REPowerEU, cuirtear le huaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta a neartú maidir le 2022 moladh tírshonrach 4 chun an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, trí éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú tionscail, iompair agus foirgneamh a mhéadú, agus acmhainneacht leordhóthanach na n-idirnasc fuinnimh a áirithiú, agus maidir le 2023 moladh 4 chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar fhuinneamh allmhairithe a laghdú a thuilleadh trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus méadú a dhéanamh ar na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil.

(37) Go sonraítear, dírítear sna hinfheistíochtaí agus sna hathchóirithe nua ar aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus glacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Leis an infheistíocht san ionstraim airgeadais arb é is aidhm di an acmhainneacht táirgeachta ó RES a mhéadú, ba cheart go gcuirfidh le hacmhainneacht leordhóthanach na n-idirnasc fuinnimh trí ghiniúint mhéadaithe leictreachais laistigh den tír. Maidir le hathruithe reachtacha a mholtar san athchóiriú ar chaibidil REPowerEU arb é is aidhm dóibh próisis cheadaithe agus próisis riaracháin eile a chuíchóiriú agus a luathú, lena n-áirítear trí líon na gceadanna riachtanacha a laghdú, an tréimhse ama lena bhfáil a laghdú agus pleananna téarnaimh agus athléimneachta cumhachta hibrideacha a rialáil, ba cheart go gcuirfeadh siad le hacmhainneacht agus rochtain leordhóthanach ar an eangach a áirithiú. Thairis sin, leis an infheistíocht mhéadaithe chun tacú le hathchóirithe ar fhoirgnimh il-árasán, cuirfear go mór le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú foirgneamh a mhéadú, agus ar an dóigh sin cuirfear go mór le laghdú na bochtaineachta fuinnimh. Ar deireadh, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe infheistíocht i soghluaisteacht ghlan lena ndírítear ar fheithiclí uisce intíre glana a cheannach agus meastar go gcuirfidh sé sin le dícharbónú an iompair.

(38) Chomh maith le caibidil REPowerEU, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe roinnt athchóirithe nua atá dírithe ar aghaidh a thabhairt go méid áirithe ar fhothacar de mholtaí tírshonracha 2022 agus 2023. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an moladh tírshonrach maidir le cáilíocht a mhéadú agus pleanáil agus soláthar seirbhísí sóisialta a fheabhsú, cuimsítear sa phlean athchóiriú atá dírithe ar cháilíocht, comhtháthú agus ar phearsanú seirbhísí sóisialta agus fostaíochta a fheabhsú. Ar an dara dul síos, maidir leis an moladh tírshonrach 1 2022 maidir le soláthar poiblí comhoibritheach a chothú ar leibhéal rialtais láir agus bardais, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta athchóiriú atá dírithe ar an liosta táirgí a fhéadfar a cheannach tríd an Eagraíocht Lárnach Ceannaigh a mhéadú agus plean a ullmhú chun soláthar poiblí institiúidí agus gníomhaireachtaí sláinte a lárú.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

(39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Liotuáine a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(40) Sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Liotuáine a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(41) Léirítear in ionsamhlúcháin stílithe a rinne seirbhísí an Choimisiúin, i gcomparáid leis an gcás bonnlíne sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, go mbeidh leibhéal OTI níos airde de 0,4 % ar an meán le linn na tréimhse 2024-2027 mar thoradh ar na hidirghabhálacha nua a mhaoinítear tríd iasacht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, neamhspleách ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag na hathchóirithe struchtúracha nó ag bearta nua eile a mhaoinítear leis an deontas. Ionchorpraíodh na héifeachtaí deiridh sin i réamh-mheastacháin na Liotuáine agus, de réir na faisnéise a cuireadh i láthair in iarraidh ar leasú na Liotuáine, beidh leibhéal OTI níos airde de 0,97 % ar an meán, nó EUR 492,5 milliún in aghaidh na bliana, le linn na tréimhse 2023-2027 mar thoradh ar na hidirghabhálacha nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. Léirítear le réamh-mheastacháin na Liotuáine freisin go bhfuil tionchar sóisialta measartha dearfach ag na bearta nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe (meastar go dtiocfaidh méadú 0,32 % ar an ráta fostaíochta) agus go mbeidh tionchar fioscach beagáinín diúltach aige (meastar go mbeidh -0,27 % den OTI i gceist leis an éifeacht ar iarmhéid bhuiséad an rialtais ghinearálta) thar an tréimhse 2023-2027.

(42) Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, cuirfear le dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an neamhspleáchas fuinnimh, a meastar go mbeidh tionchar dearfach aige ar acmhainneacht fáis na Liotuáine agus ar a hathléimneacht eacnamaíoch agus institiúideach. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, tugtar isteach faoi Infheistíocht 2 de chomhpháirt E.2 ionstraim airgeadais lena soláthraítear iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ardluacha don fhorbairt thionsclaíoch a fháil agus a fhorbairt. Ós rud é go meastar go ndíreofar an beart go príomha ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar fhiontair níos mó in earnálacha a bhfuil deacrachtaí acu cabhair airgeadais a fháil ó institiúidí airgeadais traidisiúnta, ba cheart dó leas a bhaint as an maoiniú is gá agus acmhainneacht táirgeachta thionscal na Liotuáine a neartú.

(43) Maidir le tionchar sóisialta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, is é an príomh-athchóiriú atá dírithe ar sheirbhísí sóisialta Athchóiriú 1 de chomhpháirt G.3 maidir le cáilíocht na seirbhísí sóisialta agus fostaíochta a fheabhsú. Agus é mar aidhm dó an ilroinnt ar phleanáil agus ar sholáthar seirbhísí dá leithéid a laghdú, meastar go rachfar i ngleic leis an athchóiriú le laige sa chóras cosanta sóisialta atá ann faoi láthair. Meastar go dtreiseofar leis an athchóiriú ar an iomlán tionchar sóisialta an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus go méadófar leis an méid a chuireann sé le comhtháthú sóisialta.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(44) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheoidh leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

[1] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(45) Meastar go gcomhlíontar leis an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach i dtreoir theicniúil dá bhforáiltear sa Fógra ón Choimisiúin dar teideal 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[1]. Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóiriú agus infheistíocht mhodhnaithe de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach i gcás gach beart modhnaithe nó, i gcás ina sainaithnítear riosca, déantar measúnú níos mionsonraithe lena léirítear nach ndearnadh dochar suntasach. Tá tuairisc tugtha ag an Liotuáin ar an measúnú mionsonraithe ar na bearta nua, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU. Níor ceanglaíodh le ceann ar bith de na bearta i gcaibidil REPowerEU go ndéanfaí maolú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. I gcás inar gá, tá ceanglais mheasúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i ndearadh birt agus sonraítear iad i gcloch míle nó i sprioc de chuid an bhirt seo. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

(46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V , a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

[1] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(47) An cuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241, maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus i mbonneagar fuinnimh criticiúil a neartú, an tionscal a dhícharbónú, táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe agus hidrigine in-athnuaite nó hidrigine atá saor ó iontaise a mhéadú, agus an sciar den fhuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur leis an úsáid sin, táthar ag súil go dtabharfar aghaidh air trí athchóiriú H.1.3.1. arb é is aidhm dó próisis cheadaithe agus próisis riaracháin eile a chuíchóiriú agus a luathú, lena n-áirítear trí líon na gceadanna riachtanacha a laghdú, an tréimhse ama lena bhfáil a laghdú agus gléasraí cumhachta hibrideacha a rialáil, agus ar an dóigh sin dlús a chur le húsáid úsáid na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, is é is aidhm d'athchóiriú H.1.3.2. tacaíocht a sholáthar d'eintitis dhlíthiúla, d'fheirmeoirí, do phobail fuinnimh in-athnuaite nó do phobail fuinnimh saoránach, chun gléasraí grianchumhachta agus gléasraí cumhachta gaoithe ar talamh a cheannach agus a shuiteáil, agus tús áite á thabhairt do riachtanais féinídithe, feirme nó eacnamaíocha, agus, ar an dóigh sin, dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite. Ina theannta sin, tá infheistíocht (H.3.1.) i gcaibidil REPowerEU lena soláthraítear tacaíocht iasachta d'eintitis ghnó (lena n-áirítear eintitis phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí cosúil le gníomhaíochtaí na n-eintiteas príobháideacha) chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail lena dtacaítear le hacmhainneacht bhreise giniúna RES (grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe) a chruthú, rud a chuireann dlús le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá infheistíocht (H.1.1) i gcaibidil REPowerEU freisin, arb é is aidhm di luas an phróisis athchóirithe foirgneamh a mhéadú trí phacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a nuashonrú agus a thástáil i gcleachtas, agus tacaíocht a thabhairt d'athchóiriú foirgneamh, rud a chuireann le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh.

(48) Táthar ag súil go dtabharfar aghaidh ar an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21 c (3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/241, maidir le bochtaineacht fuinnimh le beart lena soláthraítear tacaíocht chun foirgnimh il-árasán a athchóiriú, rud a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus a laghdaíonn costais téimh do chónaitheoirí. Cuireann sé go mór leis an mbochtaineacht fuinnimh a bhaineann le grúpaí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch go minic a laghdú.

(49) An cuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c (3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241, maidir le haghaidh a thabhairt ar bhaic inmheánacha agus trasteorann ar tharchur agus ar dháileadh fuinnimh, tacú le stóráil leictreachais agus dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid, meastar go dtabharfar aghaidh air trí athchóiriú H.1.3.1., a mheastar a rannchuideoidh le 100 % den leictreachas a ghintear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa Liotuáin a bhaint amach, trí anailís a dhéanamh ar chásanna éagsúla samhaltaithe agus trí shamhail aistrithe earnáil leictreachais na Liotuáine a fhorbairt, agus ar an dóigh sin go rannchuideoidh sé le haghaidh a thabhairt ar bhaic inmheánacha agus trasteorann ar tharchur agus ar dháileadh fuinnimh. Ina theannta sin, tá infheistíocht (H.1.2.) i gcaibidil REPowerEU lena bhfuiltear ag súil go ndéanfar úsáid iompair earraí de bhóthar a laghdú léi trí iompar malartach agus níos glaine earraí agus cineálacha eile lasta thar uisce a spreagadh, rud a thacaíonn le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar.

(50) Tá bearta REPowerEU dírithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Ina theannta sin, treisítear leis na bearta freisin na bearta a chuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus athchóiriú foirgneamh agus meastar go rannchuideoidh siad le húsáid mhéadaithe RES agus le héileamh laghdaithe ar fhuinneamh.

(51) Leis an athchóiriú i gcaibidil REPowerEU arb é is aidhm dó na ceanglais riaracháin maidir le húsáid acmhainneachta nua fuinnimh in-athnuaite a shimpliú, táthar ag súil go ndéanfar slándáil fuinnimh na Liotuáine a threisiú trí leasuithe ar an Dlí maidir le Leictreachas agus ar an Dlí maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Is iad na leasuithe is ábhartha sainmhíniú agus rialáil gléasraí cumhachta hibrideacha, cuíchóiriú nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh úsáid RES chomh maith leis an tréimhse ama is giorra lena bhfáil. Le hathchóiriú na Liotuáine ar an gcóras ceadaithe tionscadal fuinnimh in-athnuaite, táthar ag súil go laghdófar bacainní riaracháin agus go gcuirfear lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(52) Ina theannta sin, tá na bearta i gcaibidil REPowerEU comhsheasmhach le hiarrachtaí phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh na Liotuáine chun dícharbónú an gheilleagair a chur chun cinn trí úsáid na hacmhainneachta fuinnimh in-athnuaite, an phróisis athchóirithe foirgneamh, agus dícharbónú na hearnála iompair a mhéadú.

(53) Is bac é acmhainneacht agus solúbthacht na heangaí leictreachais maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú agus éifeachtúlacht, iontaofacht agus slándáil an tsoláthair cumhachta a mhéadú. Dá bhrí sin, leis na hinfheistíochtaí i dtógáil gléasraí foinse fuinnimh in-athnuaite ar talamh agus saoráidí stórála aonair ó chaibidil REPowerEU na Liotuáine, táthar ag súil go mór go ndéanfar an eangach níos oiriúnaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh ar talamh a chomhtháthú agus chun fuinneamh daingean, solúbtha agus tapa a sholáthar.

(54) I gcás na mbreithnithe uile thuas, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, go héifeachtach tríd is tríd leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

(55) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(56) Cuireann caibidil REPowerEU leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Go sonrach, tá gné nó éifeacht ilnáisiúnta nó trasteorann ag baint le formhór na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Le tacaíocht infheistíochta chun an acmhainneacht chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a ghiniúint agus staidéar a ghabhann léi maidir le haistriú chóras leictreachais na Liotuáine chuig fuinneamh in-athnuaite 100 %, laghdófar an spleáchas ar allmhairí leictreachais agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ar deireadh. Táthar ag súil freisin go laghdófar leis na bearta spleáchas earnáil iompair na Liotuáine ar bhreoslaí iontaise. Ba cheart tacaíocht infheistíochta a sholáthar chun an bonneagar is gá a bhunú le haghaidh iompar glan earraí troma ar uiscebhealaí intíre, agus meastar go rannchuideoidh an bonneagar sin leis an bplódú tráchta a laghdú agus leis an éileamh ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Ina theannta sin, ba cheart tacaíocht infheistíochta a sholáthar chun foirgnimh il-árasán a athchóiriú, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh earnáil tithíochta na Liotuáine. Táthar ag súil go laghdófar leis sin an t-éileamh fuinnimh a bhaineann le foirgnimh den sórt sin agus dá réir sin go laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

(57) Is ionann costais mheasta na mbeart sin a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo a áirítear i gcaibidil REPowerEU agus 100 % de chostais mheasta iomlána chaibidil REPowerEU agus tugtar údar leo leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU a rátáil mar chinn a bhfuiltear ag súil, den chuid is mó, go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht

(58) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 40 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 99 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(59) Tá athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a mheastar a chuirfidh go mór leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, lena dtugtar aghaidh ar an moladh tírshonrach chomh maith le sprioc aeráide an Aontais a bhaint amach faoi 2030 agus a sprioc aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. Mar shampla, le bearta maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, maoineofar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thailte portaigh, iompar inbhuanaithe agus éifeachtúlacht acmhainní. Sa bhreis ar na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, dírítear bearta i gcaibidil REPowerEU na Liotuáine ar dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar inbhuanaitheacht iompair a mhéadú agus ar an aistriú foriomlán i dtreo neamhspleáchas fuinnimh. Meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ag na bearta sin ar an aistriú glas trí dhlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus bogadh i dtreo córas fuinnimh in- athnuaite inbhuanaithe sa Liotuáin.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(60) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 23 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear iasachtaí, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(61) Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 fós bailí. Is éard atá i gceist leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe méadú ar na bearta arb é is aidhm dóibh cumais chibearshlándála an Stáit a neartú. Áirítear ar na bearta glacadh le Clár Náisiúnta Forbartha Cibearshlándála, córas faireacháin cibearshlándála a bhunú agus an cumas chun cibearchoireacht a imscrúdú a neartú. Comhlánaítear na bearta sin le hinfheistíocht i leith leibhéal an oideachais i gcibearshlándáil ball foirne a oibríonn san earnáil phoiblí a mhéadú. Tá na bearta uile eile maidir leis an aistriú glas gan athrú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.

Tionchar buan

(62) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (rátáil A) ag an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an Liotuáin.

(63) Sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan láidir (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an Liotuáin.

(64) Táthar ag súil go mbeidh tionchar buan ag infheistíochtaí nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an Liotuáin toisc go dtabharfar aghaidh leo ar dhúshláin struchtúracha arna sainaithint le moltaí tírshonracha. Dírítear sna hinfheistíochtaí faoi chaibidil REPowerEU ar acmhainní breise foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus ar thacú le hiompar glan-nialasach a cheannach. Meastar go mbeidh tionchar dearfach fadtéarmach ag na bearta ar aistriú glas na Liotuáine, trí fheabhas a chur ar shlándáil agus ar inacmhainneacht fuinnimh fhadtéarmach.

(65) Táth ar ag súil go mbeidh tionchar marthanach ag athchóirithe nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an Liotuáin, toisc go dtabharfar aghaidh leo ar dhúshláin struchtúracha arna sainaithint le moltaí tírshonracha. Meastar go mbeidh tionchar buan ag na hathchóirithe breise i réimsí RES lena gceadaítear maoiniú glas ar aistriú glas na Liotuáine, trí rolladh amach a hacmhainneachta giniúna a éascú agus a luathú. Meastar freisin go gcuirfidh athchóiriú na seirbhíse sóisialta le cáilíocht agus pearsantú sheirbhísí sóisialta na tíre a mhéadú.

Faireachán agus cur chun feidhme

(66) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(67) Sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh bhí socruithe leordhóthanacha beartaithe chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár atá beartaithe, na clocha míle agus na spriocanna, agus na táscairí gaolmhara.

(68) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Leis na socruithe eagraíochtúla foriomlána chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht chur chun feidhme an phlean, áirithítear ndéanfar aon athrú ar fhaireachán ceart ar thuairisciú an dul chun cinn. Le clocha míle agus spriocanna an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, féadfar faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean. Áirítear i ngach ceann de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach faoi chaibidil REPowerEU sprioc nó cloch míle amháin ar a laghad ina bhfuil príomhghnéithe an bhirt agus lena n-éascaítear measúnú a dhéanamh ar bhaint amach a chuspóirí. Tá na clocha míle agus na spriocanna soiléir agus réalaíoch, agus tá na táscairí atá beartaithe a roghnaíodh chun clocha míle agus spriocanna a chur chun feidhme fós ábhartha, inghlactha agus láidir.

Costáil

(69) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-  áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, measartha réasúnta agus inchreidte (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cos-  éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(70) Suíodh sa mheasúnú bunaidh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta gur sholáthair an Liotuáin costais mheasta le haghaidh gach infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le miondealuithe costais mionsonraithe agus dea-réasúnaithe go ginearálta. An réasúnú arna sholáthar ag an Liotuáin maidir le méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tagann sé go measartha, réasúnta agus inchreidte le prionsabal na cos-éifeachtúlachta, agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(71) Sholáthair an Liotuáin costais mheasta aonair do na bearta nua go léir lena mbaineann costas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chomh maith le réasúnuithe aonair maidir leis na bearta go léir a ndearnadh athrú ar na meastacháin costais nó ar sprioc ghaolmhar lena modhnuithe. Tá an fhaisnéis faoi chostais arna soláthar ag an Liotuáin sách mionsonraithe agus réasúnaithe den chuid is mó. Sholáthair an Liotuáin meastacháin agus toimhdí ar chostais ag baint úsáid as an tábla teimpléid caighdeánach, a bhí beartaithe chun achoimre a dhéanamh ar an bpríomhfhaisnéis agus ar an bpríomhfhianaise maidir le costáil, lena n-áirítear an mhodheolaíocht is bun leis na ríomhanna costais. Chuir an Liotuáin doiciméid agus ábhair bhreise isteach freisin a bhí beartaithe chun meastacháin ar an gcostáil a shoiléiriú agus sonraí costála agus tagarmharcanna a sholáthar maidir le hinfheistíochtaí inchomparáide a rinneadh san am a chuaigh thart nó i dtíortha eile maidir leis an gcuid is mó de na bearta nua. Áirítear sna doiciméid sin tuairiscí agus mínithe ar na príomhspreagthaí agus ar na príomhathruithe ar chostais na mbeart modhnaithe agus a gcomhréireacht. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart nua, agus go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte. Thairis sin, tá údar leordhóthanach agus comhréireach leis na hathruithe ar mheastacháin ar chostais na mbeart modhnaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cos-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(72) Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an Liotuáin nach ndéanfar na costais as gach beart nua agus REPowerEU a mhaoiniú ó fhoinsí maoiniúcháin eile de chuid an Aontais ag an am céanna. Tá an tiomantas maidir le cosaintí a chur i bhfeidhm a bhféachtar le maoiniú dúbailte a chosc leo fós ann agus níor athraíodh é le modhnú an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

(73) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith iad (rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(74) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.10, a ghabhann leis, measadh go raibh na socruithe a mholtar ann leordhóthanach (rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(75) Cuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe nuashonrú ar an gcreat iniúchóireachta agus rialaithe. Chomh maith leis na freagrachtaí a chuirtear ar na húdaráis bhainistíochta agus riaracháin, leis na modhnuithe atá beartaithe ar chóras bainistíochta agus rialaithe inmheánaigh na Liotuáine, sanntar ról an chomhlachta chomhordúcháin don Lár-Ghníomhaireacht um Bainistiú Tionscadal (CPMA) in éineacht leis an Aireacht Airgeadais. Thairis sin, foráiltear le plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Liotuáine go n-úsáidfear na córais faisnéise náisiúnta atá ann cheana chun na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22(2), pointe (d)(iii), de Rialachán (AE) 2021/241 a stóráil, go dtí go mbeidh INVESTIS i bhfeidhm go hiomlán. Is córas faisnéise aonair é INVESTIS atá tiomnaithe do bhainistiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus do chistí eile an Aontais don tréimhse 2021-2027. Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe sin ar an measúnú bunaidh ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta

(76) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go mór (rátáil A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(77) Leis an bplean modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, modhnaítear na seacht gcomhpháirt atá ann cheana agus cuirtear caibidil REPowerEU leis mar chomhpháirt bhreise (Comhpháirt 8). Táthar ag tabhair aghaidh leis i gcónaí ar dhúshláin struchtúracha sheanbhunaithe agus cuireann sé le hathléimneacht gheilleagar na Liotuáine. Leis na modhnuithe atá beartaithe, ní athraítear comhleanúnachas foriomlán an phlean, ós rud é go bhfuil na comhpháirteanna comhdhéanta de phacáistí comhsheasmhacha athchóirithe agus infheistíochtaí a neartaíonn a chéile agus a chomhlánaíonn a chéile. Treisítear an plean a thuilleadh le bearta a thacaíonn leis an aistriú glas agus le caibidil REPowerEU a cuireadh leis le déanaí. Ina theannta sin, le hinfheistíochtaí breise sa chibearshlándáil, neartófar an t-aistriú digiteach trí éifeachtacht an bhainistithe sonraí a áirithiú chomh maith le feabhas a chur ar chumais chibearshlándála na Liotuáine.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

(78) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Liotuáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (j), de Rialachán (AE) 2021/241.

An próiseas comhairliúcháin

(79) Thionóil an Liotuáin comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le hullmhú an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Bhí comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach i gceist. Chuaigh aireachtaí i gcomhairle lena gcomhpháirtithe ina réimse féin agus bhain siad leas as gníomhaíochtaí a chuireann go díreach le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Chuir na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus neamhspleáchas fuinnimh a neartú. Ina theannta sin, sheol an Aireacht Airgeadais comhairliúchán a mhair mí an 7 Nollaig 2022, a bhí oscailte don phobal i gcoitinne. Cuireadh an pobal ar an eolas roimh ré faoi na hathruithe atá beartaithe i roinnt preaseisiúintí a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na hAireachta Airgeadais agus i bpreasagallamh ar fhreastail na hairí airgeadais agus fuinnimh air lá an tseolta. Ina theannta sin, tugadh cuireadh don phobal a dtuairimí a chur in iúl ar chuntais meán sóisialta na hAireachta Airgeadais. Ní bhfuair rialtas na Liotuáine ach togra amháin maidir le forbairt fhéideartha na hearnála oideachais trí na comhairliúcháin phoiblí. Chun an úinéireacht na ngníomhaithe ábhartha a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n- áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n- infheistíochtaí agus na n- athchóirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU.

Measúnú dearfach

(80) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, leagtar amach sa Chinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais agus iasachta neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

(81) Is é EUR 3 849 237 823 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Liotuáine lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Liotuáin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Liotuáine lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Liotuáine lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 2 099 135 822 atá sa mhéid sin.

(82) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 30 Meitheamh 2023 chuir an Liotuáin iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin. Is é EUR 198 429 642 costas measta iomlán na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Liotuáin, ba cheart don tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Liotuáin a bheith cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 193 729 642 atá sa mhéid sin.

(83) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], an 1 Márta 2023, chuir an Liotuáin iarraidh réasúnaithe isteach chun cuid dá raibh fágtha dá leithdháileadh sealadach a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú ag Rialachán (AE) 2021/241 ('an tSaoráid'), arb ionann í agus EUR 4 700 000. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.

(84) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán atá ar fáil don Liotuáin a bheith cothrom le EUR 2 297 565 464.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

Iasacht

(85) Ina theannta sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, d'iarr an Liotuáin tacaíocht iasachta iomlán de EUR 1 551 672 358, go háirithe, EUR 549 130 737 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus EUR 1 002 541 621 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Is lú uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Liotuáin ná 6,8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Liotuáin, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Réamh- mhaoiniú REPowerEU

(86) D'iarr an Liotuáin an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: aistriú EUR 4 700 000 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 193 729 642 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE, EUR 549 130 737 i bhfoirm iasachta.

---

[1] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

(87) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán(AE) 2021/241, an 30 Meitheamh 2023 d'iarr an Liotuáin réamh-mhaoiniú 20 % den mhaoiniú a iarradh. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Liotuáin faoi réir theacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Liotuáin de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 agus de bhun Airteagal 15(2) den Rialachán sin.

(88) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Liotuáin a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Liotuáin a fhormheas mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Liotuáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Liotuáin i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha dar luach EUR 2 297 565 464*. Áirítear ar an ranníocaíocht sin na méideanna seo a leanas:

(a) méid EUR 2 091 774 090, a bheidh ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) méid EUR 7 361 732, a bheidh ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) méid EUR 193 729 642**, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (a) go (f), den Rialachán sin;

(d) méid EUR 4 700 000, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Liotuáin i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 289 145 365 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear méid EUR 39 685 928 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a íoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Liotuáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Liotuáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.';

(3) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 2a*
*Tacaíocht iasachta*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Liotuáin arb ionann í agus uasmhéid EUR 1 551 672 358.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear in mír 1 ar fáil don Liotuáin i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

   Cuirfear méid EUR 109 826 147 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

   Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.

3. Scaoilfear an réamh-mhaoiniú dá dtagraítear i mír 2 faoi réir an teacht i bhfeidhm agus i gcomhréir leis an gcomhaontú de bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú iasachta'). Déanfar réamh-mhaoiniú a imréiteach trína asbhaint go comhréireach i gcoinne íoc na dtráthchodanna.

4. Beidh scaoileadh tráthchodanna de réir an chomhaontaithe iasachta coinníollach ar an maoiniú a bheidh ar fáil agus ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh de réir Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna breise a chumhdaítear leis an iasacht comhlíonta go sásúil ag an Liotuáin agus gur sainaithníodh iad i ndáil le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, bainfidh an Liotuáin na clocha míle agus na spriocanna amach tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026.';"

(4) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

*Airteagal 2*

*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Liotuáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*